Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2026
(OR. en)

16240/26

EF 304
ECOFIN 1513
DELACT 178

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 7817 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 9.11.2026 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le trédhearcacht, athbhreithniú agus bailíochtú modheolaíochtaí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 7817 final.

Faoi iamh: C(2026) 7817 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.11.2026
C(2026) 7817 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 9.11.2026

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le trédhearcacht, athbhreithniú agus bailíochtú modheolaíochtaí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is iad cuspóirí an Rialacháin Tharmligthe ón gCoimisiún tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais (CSR) a ionchorprú ar bhealach níos fearr sna modheolaíochtaí rátála creidmheasa agus iad a nochtadh don phobal ina dhiaidh sin; agus trédhearcacht agus creidiúnacht sa phróiseas rátála creidmheasa a fheabhsú.

Le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa [1] bunaíodh creat rialála an Aontais do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa (CRAnna). Leagtar síos sa Rialachán seo rialacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc, cruinneas modheolaíoch a áirithiú agus trédhearcacht a fheabhsú d'infheisteoirí. Sainordaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis nochtaí mionsonraithe maidir le rátálacha agus modheolaíochtaí.

Faoi Phlean Gníomhaíochta 2018 maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, le Treoirlínte 2020 maidir le Nochtadh ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM)[2] cuireadh feabhas ar thrédhearcacht maidir le tosca CSR i rátálacha. In anailís riosca 2022 ÚEUM ar Threochtaí, Rioscaí agus Leochaileachtaí (TRV)[3], rinneadh measúnú ar thosca CSR a ionchorprú i modheolaíochtaí CRA. Ar bhonn na dtorthaí sin, gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé aon ghníomhaíocht bhreise is gá chun a áirithiú go ndéanfar rioscaí CSR a ghabháil go córasach i rátálacha creidmheasa agus go bhfeabhsófar trédhearcacht maidir le CSR a áireamh.

Baineann ceann de na príomh-shaincheisteanna a eascraíonn as measúnú ÚEUM, as comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus as measúnú tionchair 2023 don Rialachán maidir le Rátálacha CSR[4] le nochtadh CSR easnamhach. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar nochtaí CSR i bpreaseisiúintí na CRAnna ó tugadh isteach treoirlínte ábhartha, ní leor iad fós, go háirithe maidir leis an tionchar a bhíonn ag tosca CSR ar athruithe rátála, rud a fhágann go bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur orthu.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, chuir an Coimisiún iarraidh ar Chomhairle Theicniúil faoi bhráid ÚEUM in 2023, ag lorg ionchur maidir le leasuithe ar Chreat Rialála CRA agus maidir leis an gcaoi a bhféadfaí é a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go ndéanfar tosca CSR a ionchorprú ar bhealach níos fearr sna modheolaíochtaí. Thug ÚEUM a chomhairle theicniúil chríochnaitheach faoi dheireadh 2024[5].

Chun trédhearcacht a fheabhsú a thuilleadh, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán CRA a leasú trína shonrú gur gá do CRAnna an fhaisnéis maidir le tosca CSR a raibh tionchar acu ar na rátálacha creidmheasa a nochtadh.

---

[1] IO L 302, 17.11.2009, lch. 1 (IO L 302, 17.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1060/oj).

[2] Treoirlínte maidir le Ceanglais maidir le Nochtadh is Infheidhme maidir le Rátálacha Creidmheasa (ESMA33-9-320).

[3] Nochtadh maidir le mianadóireacht téacsanna CSR i bpreaseisiúintí ó ghníomhaireachtaí rátála (ESMA80-195-1352).

[4] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an doiciméad 'Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (CSR) (SWD(2023) 204 final).

[5] Comhairle Theicniúil ÚEUM maidir le hAthbhreithnithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 447/2012 ón gCoimisiún agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le CRAnna, ESMA84-2037069784-2196.

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, tugtar isteach nuashonruithe spriocdhírithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le CRAnna chun ceanglais trédhearcachta a neartú. Is é is príomhchuspóir ann toradh níos comhsheasmhaí a bhaint amach ar nochtadh agus inrianaitheacht fheabhsaithe a bhaint amach maidir le cé acu a chomhtháthaíonn nó nach gcomhtháthaíonn CRAnna breithnithe CSR ina n-anailís ar acmhainneacht creidmheasa i gcomhréir lena modheolaíochtaí atá ar fáil go poiblí agus conas a chomhtháthaíonn siad iad. Tá sé i gceist leis na forálacha athbhreithnithe sin go mbeidh siad infheidhme maidir le heisiúint nua agus maidir le hathruithe ar rátálacha creidmheasa araon. Ina theannta sin, cuideoidh na leasuithe atá beartaithe le trédhearcacht a fheabhsú maidir le próiseas bailíochtaithe CRAnna agus tabharfaidh siad soiléireacht maidir leis an bhfreagracht inmheánach as an bpróiseas sin.

Is é is aidhm don Rialachán Tarmligthe seo nochtaí tosca CSR a dhéantar faoi threoirlínte ÚEUM a chomhchuibhiú ar bhealach a fheabhsaíonn comhsheasmhacht agus inchomparáideacht. Léirítear sa mheasúnú costais is tairbhe a d'ullmhaigh ÚEUM ina chomhairle theicniúil[6] go bhfuiltear ag coinne leis nach gcuirfidh na hathruithe atá beartaithe ach ualach teoranta breise comhlíontachta ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa. Mar atá tugtha dá aire sa chomhairle, meastar go dtiocfaidh laghdú ar na costais sin fiú sa mheántéarma go dtí an fadtéarma trí phacáiste rialála comhchuibhithe an Aontais maidir le maoiniú inbhuanaithe a chur chun feidhme de réir a chéile. Thairis sin, tá coinne leis gur mó na tairbhí a bhaineann le cóineasú níos fearr i nochtaí CRAnna, trí laghdú ar neamhshiméadrachtaí faisnéise, ná na costais.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Sholáthair ÚEUM ionchur i bhfoirm comhairle theicniúil a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin[7].

Rinne ÚEUM comhairliúchán poiblí oscailte maidir leis an dréacht-Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún agus rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann, chuaigh sé i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach agus leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Chuathas i gcomhairle le Sainghrúpa na mBallstát maidir leis an gCoiste Eorpach um Urrúis an 15 Iúil 2026.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Sa Rialachán Tarmligthe tá athbhreithnithe spriocdhírithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le CRAnna.

Le Pointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe seo, ceanglaítear ar CRAnna próisis shoiléire a bhunú chun a modheolaíochtaí, a samhlacha agus a bpríomhthoimhdí rátála a bhailíochtú.

Le Pointe 2a den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe seo, tugtar isteach oibleagáid nua maidir le nochtadh. Ceanglaítear leis nach mór do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa aird a tharraingt ar thosca CSR a spreagann rátálacha nó ionchais, le míniú

[6] Féach fonóta 5 thuas, Comhairle Theicniúil maidir le hAthbhreithnithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 447/2012 ón gCoimisiún agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le CRAnna ESMA84-2037069784-2196

[7] Féach thuas, fonóta 6.

gairid, chun trédhearcacht a áirithiú agus chun ailíniú le cuspóirí airgeadais inbhuanaithe an Aontais.

Le pointe 2b den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe seo, ceanglaítear ar CRAnna ní hamháin na modheolaíochtaí a úsáideann siad a nochtadh ach freisin na próisis trína mbailíochtaíonn siad na modheolaíochtaí sin agus rátálacha creidmheasa nó ionchais rátála á gcur i láthair acu.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 9.11.2026

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le trédhearcacht, athbhreithniú agus bailíochtú modheolaíochtaí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa[1], agus go háirithe Airteagal 37 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun nochtadh comhsheasmhach agus inchomparáide gníomhaireachtaí rátála creidmheasa a áirithiú, agus chun feabhas a chur ar a nglacadh ag rátálacha creidmheasa, ba cheart treoirlínte an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) maidir le ceanglais nochta is infheidhme maidir le rátálacha creidmheasa[2] a chomhtháthú i Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009.

(2) Tá trédhearcacht i rátálacha creidmheasa fíor-riachtanach chun a áirithiú gur féidir le hinfheisteoirí, eisitheoirí agus rannpháirtithe eile sa mhargadh cinntí eolasacha a dhéanamh. Mar gheall ar ábharthacht mhéadaitheach tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais (tosca CSR) i measúnú riosca creidmheasa, tá gá le nochtadh soiléir i gcás ina mbíonn tionchar ábhartha ag tosca den sórt sin ar rátáil chreidmheasa nó ar ionchas rátála. Chun muinín an mhargaidh a fheabhsú, ba cheart do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa tosca CSR a shainaithint agus a mhíniú ina bhfoilseacháin.

(3) Is comhpháirteanna ríthábhachtacha iad athbhreithniú agus bailíochtú modheolaíochtaí chun sláine agus iontaofacht rátálacha creidmheasa a áirithiú. Chun an tábhacht a bhaineann le bailíochtú modheolaíochta i gcreat eagraíochtúil na ngníomhaireachtaí rátála creidmheasa a léiriú, is gá bailíochtú modheolaíochtaí a áireamh go sainráite in éineacht le hathbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais eagraíochtúla ábhartha.

(4) Is céim bhunúsach é bailíochtú modheolaíochtaí chun a áirithiú go bhfuil rátálacha creidmheasa bunaithe ar chritéir fhónta, critéir iontaofa agus critéir a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach. Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le boinn mhodheolaíochta rátálacha, agus chun a áirithiú go mbeidh rannpháirtithe sa mhargadh níos eolaí faoin gcruinneas a bhfuil an rátáil chreidmheasa bunaithe air, ba cheart do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa ní hamháin na modheolaíochtaí a úsáideann siad a nochtadh ach freisin na próisis trína ndéantar na modheolaíochtaí sin a bhailíochtú.

---

1 IO L 302, 17.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1060/oj.

2 Treoirlínte maidir le Ceanglais maidir le Nochtadh is Infheidhme maidir le Rátálacha Creidmheasa (ESMA33-9-320)

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 a leasú dá réir sin,

(6) Ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar trí dhóthain ama a thabhairt do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa chun fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (CSR) a ionchorprú níos fearr ina modheolaíochtaí rátála creidmheasa agus ina nochtuithe poiblí gaolmhara, agus chun trédhearcacht agus inchreidteacht sa phróiseas rátála creidmheasa a fheabhsú.

(7) Cuirtear san áireamh i bhforálacha an Rialacháin seo comhairle theicniúil a chuir ÚEUM faoi bhráid an Choimisiúin,[3]

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [OP :Cuir isteach an dáta 12 mhí ó dháta a theacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.11.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

[3] Comhairle Theicniúil ÚEUM maidir le hAthbhreithnithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 447/2012 ón gCoimisiún agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le CRAnna, ESMA84-2037069784-2196.